Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

Ciorcalán 67/05

Do Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Scrudú Nua an Teastais Shóisearaigh in Eolaíocht

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2006 agus na blianta ina dhiaidh sin

1. Iniata leis seo tá Páipéir Scrúdaithe Shamplacha do scrúduithe Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil an Teastais Shóisearaigh don chúrsa nua in Eolaíocht.

   Nuair a bhí na Páipéir Scrúdaithe Shamplacha á ndréachtadh, tógadh san áireamh na moltaí a rinne an NCCA maidir le measúnú na siollabas nua, chomh maith leis an aischothú a tháinig ón ábhar scrúdaithe samplach, a pléadh ag na cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí Eolaíochta a d'eagraigh an tSeirbhís Tacaíochta den Eolaíocht Shóisearach.

2. Tá an struchtúr agus na rúibricí do mheasúnú na hEolaíochta Nua sa Teastas Sóisearach, ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, do Mheitheamh 2006 agus go dtí go ndeirtear a mhalairt, mar seo a leanas:

   Is iad na marcanna iomlána a dháilfear i measúnú na siollabas nua Eolaíochta ná 600.

   Beidh an 600 marc seo roinnte mar seo a leanas:

   Do Obair Chúrsa A dáilfear 60 marc (10%), do Obair Chúrsa B 150 marc (25%) agus don scrúdú scríofa deiridh 390 marc (65%).

3. Don scrúdú scríofa deiridh beidh na páipéir scrúdaithe don Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, chomh maith le roinnt an 390 marc, leagtha amach mar seo a leanas:

   Beidh na páipéir don Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon i bhfoirm leabhrán, le 20 leathanach iontu faoi seach agus spásanna iontu le ceisteanna a fhreagairt. Beidh trí roinn sna páipéir agus trí cheist i ngach roinn. Is é a bheidh sa chéad roinn den pháipéar scrúdaithe ná ábhar Bitheolaíochta na siollabas, sa dara roinn beidh an t-ábhar Ceimice agus sa tríú ceann an t-ábhar Fisice. Beidh 130 marc le dáileadh ar gach roinn díobh.

   Ar an gcéad cheist i ngach ceann de na trí roinn dáilfear 52 marc (40% de na marcanna atá le dáileadh sa pháipéar scrúdaithe). Beidh ocht mír sa cheist seo. Ar an gcead seacht mír dáilfear 6 mharc an ceann agus ar an gceann deiridh 10 marc. Beidh ábhar na míreanna seo tógtha as gach cuid den siollabas. Ar an dara ceist dáilfear 39 marc (30% de na marcanna atá le dáileadh ar an scrúdú scríofa) agus scrúdófar anseo, le breis doimhneachta, líon níos lú de ábhair ó chuid ar bith den siollabas. Sa cheist seo freisin seans go mbeidh measúnú éigin ar scileannna phróiseas na hEolaíochta. Dáilfear 39 marc ar an triú ceist freisin. Arís scrúdófar, le níos mó doimhneachta, líon beag de ábhair ó chuid ar bith den siollabas ach beidh béim bhreise sa cheist seo ar scileanna phróiseas na hEolaíochta.

   Beifear ag súil go dtabharfaidh na hiarrthóirí faoi **gach** ceist ar an bpáipéar scrúdaithe. Ní bheidh rogha inmheánach idir cheisteanna laistigh den pháipéar scrúdaithe.

   Beidh léaráidí curtha ar fáil de réir mar a bheidh siad riachtanach agus seans go mbeidh grianghraif leis an bpáipéar scrúdaithe.

4. Beidh na riachtanais mheasúnachta maidir le Obair Chúrsa A agus Obair Chúrsa B leagtha amach go mion i gciorcalán ar leith.

5. Iarrtar ort an ciorcalán seo, chomh maith leis na Páipéir Scrúdaithe Shamplacha, a chur ar fáil do na múinteoirí agus na hiarrthóirí a mbaineann siad leo. Tabhair cóip den chiorcalán seo, le do thoil, do ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, le seoladh ar aghaidh acu chuig tuismitheoirí agus chuig múinteoirí aonair.

   Aidan Farrell
   Stiúrthóir na hOibriúcháin
   Meán Fómhair 2005